Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Nollaig 2025
(OR. en)

16936/25

EF 427
ECOFIN 1760

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 8507 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 12.12.2025 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 a mhéid a bhaineann le nuashonrú 2025 ar an tacsanomaíocht le haghaidh na formáide tuairiscithe leictreonaí aonair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 8507 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 8507 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.12.2025
C(2025) 8507 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.12.2025**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 a mhéid a bhaineann le nuashonrú 2025 ar an tacsanomaíocht le haghaidh na formáide tuairiscithe leictreonaí aonair**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

I mí na Bealtaine 2019 d'fhoilsigh an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 maidir le Caighdeáin Theicniúla Rialála (RTS) i dtaca le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaí aonair (an Fhormáid Leictreonach Aonair Eorpach – ESEF). D'fhorbair an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) an RTS maidir le ESEF faoi Airteagal 4(7) de Threoir 2004/109/CE (an Treoir um Thrédhearcacht) arna leasú le Treoir 2013/50/AE. Leis an RTS sin, sonraítear an fhormáid tuairiscithe leictreonach aonair nach mór d'eisitheoirí urrús a liostaítear ar mhargaí rialáilte an Aontais Eorpaigh a úsáid chun a dtuarascálacha airgeadais bliantúla a ullmhú le haghaidh blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2020 nó ina dhiaidh sin. Faoin RTS seo, gach eisitheoir a ligtear isteach a chuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte an Aontais, ní mór dó a chuid tuarascálacha airgeadais bliantúla iomlána a ullmhú trí fhormáid na Teanga Marcála Hipirtéacs Inbhreisithe (XHTML) a úsáid ón mbliain airgeadais 2020 amach. Beidh feidhm ag rialacha breise i gcás ina gcuirfidh eisitheoirí ina dtuarascálacha airgeadais bliantúla na ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhaítear i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 nó arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta, atá coibhéiseach, de réir Chinneadh 2008/961/CE ón gCoimisiún, leis na IFRS arna nglacadh ag an Aontas. Ní mór an Teanga Tuairiscithe Gnó Inbhreisithe inlíne (iXBRL) a úsáid chun ráitis airgeadais chomhdhlúite IFRS a mharcáil agus ní mór na marcálacha sin a leabú sa doiciméad foluiteach XHTML tríd an teicneolaíocht XBRL Inlíne a úsáid. Mar bheart forlíontach chun cuidiú leis an téarnamh ó phaindéim COVID-19, leasaíodh Airteagal 4(7) den Treoir um Thrédhearcacht le Rialachán (AE) 2021/337 chun an rogha a thabhairt do na Ballstáit cead a thabhairt d'eisitheoirí ina ndlínse tuarascálacha airgeadais bliantúla a tharraingt suas in ESEF ón mbliain airgeadais 2021 amach (in ionad 2020), ar choinníoll go dtugtar fógra don Choimisiún go bhfuil sé ar intinn acu déanamh amhlaidh agus go bhfuil sé cuí-réasúnaithe.

Sonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an RTS faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 an chroíthacsanomaíocht a úsáidfear chun ráitis airgeadais IFRS chomhdhlúite (Tacsanomaíocht ESEF) a mharcáil. Maidir le tacsanomaíocht ESEF – a tugadh cothrom le dáta go deireanach trí Rialachán Tarmligthe leasaitheach (AE) 2022/2553 – tá sí bunaithe ar an tacsanomaíocht a d'fhorbair Fondúireacht IFRS agus tugtar cothrom le dáta go tréimhsiúil í i bhfianaise eisiúint IFRS nua nó leasú ar IFRS atá ann cheana, anailís ar nochtaí a thuairiscítear sa chleachtas go coitianta, chomh maith le feabhsuithe ar ábhar ginearálta nó ar theicneolaíocht thacsanomaíocht IFRS, i measc forbairtí eile. An leagan is déanaí atá ann go dtí seo de Thacsanomaíocht Chuntasaíochta IFRS – Tacsanomaíocht Chuntasaíochta IFRS 2025 – foilsíodh an 27 Márta 2025 í. Áirítear inti na ceanglais maidir le cur i láthair agus nochtadh Chaighdeáin Chuntasaíochta IFRS arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta an 1 Eanáir 2025, lena n-áirítear na ceanglais a eisíodh ach nach bhfuil infheidhme go sainordaitheach fós.

Chuir ESMA an RTS sin faoi bhráid an Choimisiúin an 10 Meán Fómhair 2025 agus is é is aidhm dó an RTS atá ann cheana maidir le ESEF a leasú i bhfianaise nuashonruithe 2025 ar Thacsanomaíocht Chuntasaíochta IFRS. Chuige sin, cuirtear in ionad Iarscríbhinn I é, iarscríbhinn ina bhfuil nuashonruithe ar ghluais na dtéarmaí a úsáidtear sna caighdeáin theicniúla rialála anois; tagann sé in ionad Iarscríbhinn II, iarscríbhinn a chuimsíonn anois eilimintí nua i liosta na mbeartas cuntasaíochta agus i liosta na nótaí a leagtar amach i dTábla 2, agus ina theannta sin i gcás cuideachtaí a chuireann IFRS 18 i bhfeidhm go luath, áirítear i dTábla 2 nua eilimintí nua chun na hathruithe comhfhreagracha ar liosta na mbeartas

cuntasaíochta agus na nótaí a bhaineann go sonrach leis an gcaighdeán nua seo a chur san áireamh; cuirtear in ionad Iarscríbhinn VI é, iarscríbhinn a chuimsíonn anois scéimre na croíthacsanomaíochta nuashonraithe atá le húsáid chun ráitis airgeadais chomhdhlúite IFRS a mharcáil, lena dtacaítear le roghanna cur i láthair IFRS 18 agus IAS 1. Ina theannta sin, leasaítear Iarscríbhinn III chun forbairtí a rinneadh le déanaí a ionchorprú a bhaineann leis na sonraíochtaí teicniúla chun bailíochtú a dhéanamh ar dhoiciméid den ásc XBRL inlíne agus ar chomhaid tacsanomaíochta sínidh chomhfhreagracha an eisitheora.

Ar an iomlán, níl sa leasú seo ach leasú teicniúil agus tá gá leis chun tuairisciú leictreonach na n-eisitheoirí a ailíniú leis na caighdeáin um thuairisciú úrscothacha is déanaí, caighdeáin a léiríonn éabhlóid IFRS freisin, rud a dhéanann cur chun feidhme na gceanglas marcála sa RTS maidir le ESEF a éascú d’eisitheoirí.

I dTacsanomaíocht Chuntasaíochta IFRS 2025, baineann na príomh-nuashonruithe le IFRS 18 ‘Cur i láthair agus Nochtadh i Ráitis Airgeadais’ agus le IFRS 19 ‘Fochuideachtaí gan Cuntasacht Phoiblí: Nochtaí’. Cuirtear IFRS 18 in ionad IAS 1 ‘Ráiteas Airgeadais a Chur i Láthair’ agus tiocfaidh sé i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí tuairiscithe bliantúla an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin, agus ceadófar cur i bhfeidhm níos luaithe. Áirítear leis an RTS maidir le ESEF eilimintí clibeála a bhaineann le IAS 1 atá ann faoi láthair, chomh maith le IFRS 18, chun cur i bhfeidhm luath ag na cuideachtaí sin a roghnaíonn é a éascú. Ar an gcaoi chéanna, tiocfaidh IFRS 19 i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí tuairiscithe bliantúla an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin agus ceadófar cur i bhfeidhm níos luaithe, agus léirítear na hathruithe is gá ar thacsanomaíocht ESEF sa RTS maidir le ESEF. Tá próisis formhuinithe IFRS 18 agus IFRS 19 araon fós ar siúl ag an Aontas, agus tá coinne leis go dtabharfar chun críche iad go luath in 2026 agus sa dara leath de 2026 faoi seach. Cé go n-áirítear sa tacsanomaíocht eilimintí a bhaineann le IFRS 18 agus IFRS 19, ní úsáidfidh eisitheoirí iad sin ach amháin chun tuarascálacha airgeadais bliantúla a mharcáil nuair a bheidh IFRS 18 agus IFRS 19 formhuinithe go foirmiúil san Aontas, agus nuair a dhéanfar nochtaí i gcomhréir leis na caighdeáin sin.

Chun am leordhóthanach a thabhairt d’eisitheoirí na ceanglais a chur chun feidhme go héifeachtach, beidh feidhm leis an leasú seo ar an RTS maidir le ESEF, ar a dhéanaí, le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2026 nó ina dhiaidh sin, rud a fhágfaidh gur féidir é a chur i bhfeidhm go luath. Dá réir sin, i gcás tuarascálacha airgeadais bliantúla le haghaidh ráitis airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2025 nó ina dhiaidh sin – beidh cead ag eisitheoirí úsáid a bhaint as ‘Tacsanomaíocht ESEF 2024’ (an leagan de Rialachán ESEF atá i bhfeidhm faoi láthair) nó ‘Tacsanomaíocht ESEF 2025’ atá le teacht agus a thugtar isteach leis an RTS seo. Níl coinne leis go n-úsáidfidh eisitheoirí eilimintí a bhaineann le cur i bhfeidhm luath caighdeán, amhail IFRS 18 nó IFRS 19, nach bhfuil formhuinithe san Aontas go fóill. Níor cheart na heilimintí sin a chur i bhfeidhm go dtí go mbeidh formhuiniú na gcaighdeán gaolmhar tugtha chun críche. Thairis sin, i gcás na n-eisitheoirí sin a liostaítear freisin mar eisitheoirí príobháideacha eachtracha sna Stáit Aontaithe, is fiú a lua go gceadaíonn Coimisiún Urrús agus Malartaithe na Stát Aontaithe (SEC) ráitis airgeadais a ullmhú agus a chomhdú i gcomhréir leis an tacsanomaíocht IFRS is déanaí nó leis an dara tacsanomaíocht IFRS is déanaí i.e. ní mór comhdú ráitis airgeadais 2025 le SEC SAM a ullmhú de réir Thacsanomaíochtaí Cuntasaíochta IFRS 2025 nó 2024, nó ní mór é a bheith coibhéiseach leo, seachas a bheith de réir nó coibhéiseach le leagan níos luaithe.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Leis an leasú seo ar an RTS maidir le ESEF, déantar foráil maidir le leasuithe teicniúla amháin ar an RTS atá ann cheana maidir le ESEF agus dá réir sin, ní beartas nua ná athrú mór

ar bheartas atá ann cheana é. I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 1095/2010 (Rialachán ESMA), níor reáchtáil ESMA comhairliúchán poiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála, ná ní dhearna sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leo toisc go mbeadh comhairliúcháin agus anailísí den sórt sin díréireach i ndáil le raon feidhme agus tionchar na gcaighdeán teicniúil rialála seo.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an leasú seo ar an RTS maidir le ESEF bunaithe ar Airteagal 4(7) den Treoir um Thrédhearcacht arna leasú le Treoir 2013/50/AE.

Ní áirítear sa ghníomh tarmligthe seo ach nuashonruithe teicniúla amháin ar an tacsanomaíocht ar dá réir atá oibleagáid dhlíthiúil ar eisitheoirí, a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte an Aontais, na nuashonruithe sin a úsáid chun ráitis airgeadais chomhdhlúite IFRS laistigh de na tuarascálacha airgeadais bliantúla a mharcáil.

Go háirithe:

(1) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I;

(2) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II;

(3) in Iarscríbhinn III, cuirtear isteach pointe 5:

> '5. Áiritheoidh eisitheoirí go mbeidh an doiciméad ásc XBRL Inlíne agus tacsanomaíocht sínidh an eisitheora araon bailí i ndáil le sonraíocht Ríomhanna 1.1.'

(4) in Iarscríbhinn V, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

> '(f) beidh sé bailí de réir shonraíochtaí XBRL 2.1, shonraíochtaí XBRL Dimensions 1.0, shonraíochtaí Ríomhanna 1.1 agus déanfar é a phacáistiú de réir shonraíocht an Phacáiste Tuairiscithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III;'

(5) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VI.

Tá sé sin i gcomhréir le forálacha Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018, ina luaitear gur cheart na forálacha atá ann a nuashonrú go tréimhsiúil ar bhonn an RTS arna ullmhú ag ESMA.

Comhfhreagraíonn an gníomh tarmligthe seo, ar gach slí ábhartha, don dréachtchaighdeán teicniúil rialála a chuir ESMA faoi bhráid an Choimisiúin.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.12.2025**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 a mhéid a bhaineann le nuashonrú 2025 ar an tacsanomaíocht le haghaidh na formáide tuairiscithe leictreonaí aonair**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE[1], agus go háirithe Airteagal 4(7) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sonraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 ón gCoimisiún[2] an fhormáid tuairiscithe leictreonach aonair atá le húsáid ag eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte chun a dtuarascálacha airgeadais bliantúla a ullmhú. Ráitis airgeadais chomhdhlúite a áirítear ann, ullmhaítear iad i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta, dá ngairtear go coitianta na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRSanna), caighdeáin arna nglacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], nó i gcomhréir le IFRSanna arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (IASB), ar caighdeáin iad a mheastar, agus sin bunaithe ar Chinneadh 2008/961/CE ón gCoimisiún[4], a bheith coibhéiseach le IFRSanna arna nglacadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002.

(2) Tá an chroíthacsanomaíocht atá le húsáid le haghaidh na formáide tuairiscithe leictreonaí aonair bunaithe ar Thacsanomaíocht Chuntasaíochta IFRS agus is leathnú uirthi í. Tugann Fondúireacht IFRS Tacsanomaíocht Chuntasaíochta IFRS cothrom le dáta ar bhonn bliantúil i bhfianaise eisiúint IFRSanna nua, leasuithe ar IFRSanna atá ann cheana, anailís ar nochtaí a thuairiscítear go coitianta sa chleachtas, nó feabhsuithe

[1] IO L 390, 31.12.2004, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/109/oj.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2019/815 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála maidir le sonraíocht formáide tuairiscithe leictreonaí aonair (IO L 143, 29.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/815/oj).

[3] Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a chur i bhfeidhm (IO L 243, 11.9.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/1606/oj).

[4] Cinneadh ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2008 maidir leis an úsáid a bhaineann eisitheoirí urrús tríú tíortha as caighdeáin náisiúnta chuntasaíochta tríú tíortha áirithe agus as Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais chun a ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhú (IO L 340, 19.12.2008, lch. 112, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/961/oj).

ar ábhar ginearálta nó ar theicneolaíocht Thacsanomaíocht Chuntasaíochta IFRS, i measc forbairtí eile.

(3) I mí an Mhárta 2025, d'fhoilsigh Fondúireacht IFRS na nuashonruithe ar Thacsanomaíocht Chuntasaíochta IFRS. Dá bhrí sin, léirítear na nuashonruithe sin i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815.

(4) Cé nach gá ach codanna áirithe de na hIarscríbhinní sin a thabhairt cothrom le dáta, is gá na hIarscríbhinní sin a ionadú ina n-iomláine chun feabhas a chur, go háirithe, ar inléiteacht tháblaí infheidhme nuashonrú 2025 do pháirtithe leasmhara. Éascófar leis sin cur chun feidhme na gceanglas clibeála agus an chaighdeáin inchomparáideachta is airde de ráitis airgeadais leictreonacha arna dtarraingt suas i gcomhréir le IFRS ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda d'úsáideoirí deiridh. Ba cheart Iarscríbhinní III agus V a thabhairt cothrom le dáta freisin chun na forbairtí is déanaí i sonraíochtaí XBRL Inlíne a bhaineann le Pacáistí Tuairiscithe a chuimsiú.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 a leasú dá réir sin.

(6) Chun am leordhóthanach a thabhairt d'eisitheoirí chun na ceanglais nua a chur chun feidhme go héifeachtach agus chun costais chomhlíontachta a íoslaghdú, ba cheart feidhm a bheith ag an tacsanomaíocht nua maidir le tuarascálacha airgeadais bliantúla ina bhfuil ráitis airgeadais le haghaidh blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2026 nó ina dhiaidh sin. Mar sin féin, ba cheart cead a thabhairt d'eisitheoirí an na leasaithe sin a chur chun feidhme le haghaidh blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2025 nó ina dhiaidh sin.

(7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar an dréachtchaighdeán teicniúil rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) faoi bhráid an Choimisiúin.

(8) Is nuashonrú teicniúil é an Rialachán seo agus ní beartas nua ná athrú substaintiúil ar bheartas atá ann cheana é. Níor reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe ná ní dhearna sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo. Níor iarr sé comhairle an Ghrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú faoi Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] toisc go mbeadh sé sin an-díréireach le raon feidhme agus le tionchar an leasaithe seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815 mar a leanas:

(1) cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I;

(2) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II;

(3) in Iarscríbhinn III, cuirtear isteach pointe 5:

---

5 Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

‘5. Áiritheoidh eisitheoirí go mbeidh an doiciméad ásc XBRL Inlíne agus tacsanomaíocht sínidh an eisitheora araon bailí i ndáil le sonraíocht Ríomhanna 1.1.’;

(4) in Iarscríbhinn V, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) beidh sé bailí de réir shonraíochtaí XBRL 2.1, shonraíochtaí XBRL Dimensions 1.0, shonraíochtaí Ríomhanna 1.1 agus déanfar é a phacáistiú de réir shonraíocht an Phacáiste Tuairiscithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III;’;

(5) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VI.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815, leagan an [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], maidir le tuarascálacha airgeadais bliantúla ina bhfuil ráitis airgeadais le haghaidh blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2026 nó ina dhiaidh sin.

Mar sin féin, féadfar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/815, leagan an [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], a chur i bhfeidhm maidir le tuarascálacha airgeadais bliantúla ina bhfuil ráitis airgeadais le haghaidh blianta airgeadais roimh an 1 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.12.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*